# Saol Ella

## Eipeasóid 6: Ceacht 2

Tá an ceacht seo bunaithe ar an gclár *Saol Ella* – Eipeasóid 6: Cuid 2 **(11:39 – 23:03).**
Tá an mhír físe ar fáil ag: **https://snas.ie/lessons/eipeasoid-6-ceacht-2/**

**A. RÉAMHOBAIR**

Sula mbreathnóidh tú ar an mír físe, pléigh na ceisteanna seo a leanas:

1. San eipeasóid dheireanach, bhí **rás tóraíochta taisce** ar siúl timpeall an cheantair. D'éirigh le Treas Ella a chur ar fhoireann Josh. Cén fáth a ndearna sí é sin?
2. D'éirigh cúpla duine de na carachtair **an-iomaíoch** le linn an ráis. Cén duine ba mhó a bhí ag iarraidh an rás a bhuachan? Céard a léiríonn sin duit faoin gcarachtar sin?
3. D'inis Mamó do Dhan go raibh sí **ag imeacht ar chrús.** Ar baineadh geit as Dan? An raibh sé ag súil leis sin?
4. Cad a tharlóidh anois maidir le **cairdeas** Ella le Naoise? Is léir nach dtaitníonn Josh le Naoise agus tá sé sin ag cruthú aighnis idir Ella agus Naoise. An gceapann tú go dtitfidh Ella agus Naoise amach lena chéile tuilleadh mar gheall ar an spéis atá ag Ella in Josh?





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**B. CLUASTUISCINT**

**Anois, féach ar an mír físe agus freagair na ceisteanna thíos.**

1. Cén duine a dhéanann iarracht réiteach a fháil ar an teannas idir Naoise agus Ella?

2. Cén fáth a raibh an-drogall ar Shaorla dul isteach sa bhogach?
    a. scriosfaí a bróga nua
    b. scriosfaí a bríste nua
    c. scriosfaí an donnú bréige atá uirthi
    d. tá eagla uirthi roimh an uisce



3. Cén fhoireann a raibh an bua acu sa rás tóraíochta taisce?

4. Cén dá mhothúchán ***is fearr*** a dhéanann cur síos ar an gcaoi a mothaíonn Ferdia nuair a chloiseann sé go mbeidh *hoolie* ar siúl ar an trá?
    a. fearg
    b. frustrachas
    c. dubh dóite
    d. croíbhriste
    e. imní

5. Cad a thit amach as póca Josh nuair a chuir a chairde san aer é?

6. Ní ghabhann Ella a leithscéal le Naoise nuair a thuigeann sí cad a rinne Josh air. **Fíor nó bréagach?**

7. Cén fáth nach dtéann Mamó ar an gcrús sa deireadh?

8. Cé dó ar thug Lúsaí póg ag an *hoolie*?

9. An dtagann deireadh leis an aighneas a bhí idir Ella agus Naoise ag deireadh na heipeasóide?



10. Cé acu ceann de na haidiachtaí seo **is fearr** a dhéanann cur síos ar an saghas atmaisféir a bhí ann ag an *hoolie*?
    a. atmaisféar fuinniúil
    b. atmaisféar brónach
    c. atmaisféar gruama
    d. atmaisféar corraitheach



snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**C. FEASACHT TEANGA: An Modh Coinníollach**

1. Úsáideann Mamó an **Modh Coinníollach** cúpla uair sa dara cuid den eipeasóid. Seo a leanas píosa cainte ó Mhamó agus í ag labhairt le Dan. Cuir an fhoirm cheart den bhriathar sa Mhodh Coinníollach sna bearnaí. Bain úsáid as www.teanglann.ie mar chabhair, más gá.


Tá fíorbhrón orm, a Dan. Dá **(mbeidh/mbeadh/mbeinn)__________________** a fhios agam faoi Chúrsa B ní (**bheinn/bhéinn/bhínn)** _________________ tar éis glacadh leis an gcuireadh ó mo chara dul léi ar an gcrús. **(Dhiúlteoinn/Dhiúltóidh/Dhiúltóinn)** ___________________ don chuireadh, go cinnte. **(Déarfainn/Déarhinn/Dhéarfainn)** __________________ le mo chara nach **(méinn/mbeadh/mbeinn)** __________________ saor go dtí deireadh an tsamhraidh nuair a **(bheadh/bhíodh/bhedh)** _____________na cúrsaí ar fad críochnaithe. Ní **(mbeadh/bheadh/mbheadh)** __________________aon chabhair uait a thuilleadh faoin am sin, a Dan, agus mar sin (**d'fhéadfainn/d'fhéadhinn/d'fhéadfinn)**______________________ imeacht ansin. Mura **(mbedh, mbeidh, mbeadh)**____________________ ticéad saor in aisce ar fáil ní **(shmaoineoinn, smaoineoinn, smaoinóinn)** _____________________ ar dhul ar an gcrús in aon chor.



2. Anois, lig ort gur tusa Mamó. Breac síos cúig rud **a dhéanfá féin dá mbeifeá** ar an gcrús sa Mheánmhuir. Úsáid **briathar difriúil** i ngach abairt.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |
| 4. |
| 5. |







snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**D. LÉAMHTHUISCINT**

**Súil Siar ar Chúrsa A Coláiste Mhaigh Rua**

Léigh na hailt thíos ó charachtair éagsúla. Cé acu abairt (a–c) is fearr a dhéanann cur síos ar ábhar gach paragraif?

| | |
|---|---|
| **1. ELLA**<br>Bhain mé an-taitneamh go deo as cuairt na nGaeilgeoirí le cúpla seachtain anuas. Níor cheap mé go dtaitneodh a gcomhluadar chomh mór sin liom. Bhí sé iontach am a chaitheamh le Mamó chomh maith. Is bean speisialta í. Maidir le Josh, bhuel, feicfimid an bhfanfaidh mé i dteagmháil leis. Is buachaill ildánach é ach níor thaitin sé liom ar chor ar bith gur inis sé bréag dom. | a. Tá aiféala ar Ella gur ghlac Dan leis na Gaeilgeoirí.<br>b. Tá sí fós an-tógtha le Josh cé gur inis sé bréag di.<br>c. Bhí trí seachtaine an-spraíúil ag Ella leis na Gaeilgeoirí agus thaitin sé léi go raibh Mamó sa teach freisin. |
| **2. DAN (DAID)**<br>Ah, nach ormsa atá an faoiseamh gur éirigh chomh maith sin leis na Gaeilgeoirí ar fad i mo theachsa! Fear an tí den scoth atá ionam gan dabht. Bhuel, is í fírinne an scéil, i ndáiríre, ná go mbeinn caillte gan Mhamó. Ise a chuir ar ais ar mo shuaimhneas mé nuair a bhínn faoi strus le linn an chúrsa. | a. Tá Dan buíoch de Mhamó as teacht i gcabhair air in am an ghátair.<br>b. Tá Dan feargach le Mamó gur ghlac sí leis an gcuireadh dul ar an gcrús.<br>c. Ní ghlacfaidh Dan le Gaeilgeoirí arís go deo. |
| **3. LIAM**<br>Táim traochta de bheith ag tabhairt cúnaimh do dhaoine le cúpla seachtain anuas. Ar dtús, chabhraigh mé le Murt caoi a chur ar a tharracóir agus ansin rinne mé obair na gcapall d'Fherdia go háirithe leis an *hoolie* a eagrú ag deireadh Chúrsa A. Táim ag súil go mór le mo scíth a ligean as seo go ceann cúpla lá go dtiocfaidh an chéad ghrúpa eile. | a. Is fada le Liam go dtosódh Cúrsa B.<br>b. Tá sé ag smaoineamh ar bhealaí nua chun airgead a thuilleamh.<br>c. Tá tuirse ar Liam tar éis dó a bheith ag cabhrú le daoine le déanaí. |
| **4. RÓNÁN**<br>Braithfidh mé Lúsaí uaim go mór. Ar dtús, cheap mé go raibh sí thar a bheith tiarnúil agus níor ghabh sí buíochas liom as mo sheomra codlata a thabhairt di. Chuir mé aithne mhaith uirthi, áfach, de réir mar a lean an cúrsa ar aghaidh agus faoi dheireadh na dtrí seachtaine bhí mé an-tógtha léi. Braithfidh mé uaim go mór í. | a. Tháinig athrú intinne ar Rónán maidir le Lúsaí le linn an chúrsa.<br>b. Tá an ghráin ag Rónán ar Lúsaí.<br>c. Bhí Rónán an-sásta nuair a d'imigh Lúsaí. |







snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

| | |
|---|---|
| **5. MAMÓ**<br>Crús sa Mheánmhuir nó an samhradh ar fad ag tindeáil ar na Gaeilgeoirí. Tá a fhios agam go maith cad ab fhearr liom a dhéanamh! Ní fhéadfainn Dan a thréigean áfach. Is athair iontach é agus tá an oiread sin cúraimí air nach mbeadh sé ceart ná cóir gan lámh chúnta a thabhairt dó. | a. Tá aiféala ar Mhamó nár imigh sí ar an gcrús.<br>b. Bhraithfeadh Mamó ciontach dá n-imeodh sí ar an gcrús.<br>c. Ní bheadh aon spéis ag Mamó dul ar chrús sa Mheánmhuir. |
| **6. JOSH**<br>Ní raibh sé de cheart agam éirí chomh hiomaíoch sin sa rás tóraíochta taisce. Déanaim é sin i gcónaí. N'fheadar cad a cheapann Ella fúm anois. Dúirt sí liom gur cairde muid fós ach níl a fhios agam, braithim uaithi gur ghoill sé go mór uirthi gur ghoid mé an diabhal cloch sin ar mhaithe leis an mbua a fháil. Nach mé a bhí i m'amadán. | a. Ní chuireann sé isteach ná amach ar Josh gur éirigh sé an-iomaíoch le linn an ráis.<br>b. Tá aithreachas ar Josh faoina chuid iompair le linn an ráis.<br>c. Tá spéis caillte ag Josh in Ella. |



**E. LABHAIRT**


Seo í an eipeasóid dheireanach den tsraith. Céard é do thuairim ar na ceisteanna thíos?

1. Ar thaitin an tsraith Saol Ella leat? Cén fáth?
2. Cérbh é/í **an carachtar** ab fhearr leat? Cén fáth?
3. Cén **eachtra** ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ort sa tsraith?
4. Luaigh **carachtar** amháin sa tsraith **nár thaitin** leat? Cén fáth?
5. Céard atá i ndán do na **príomhcharachtair** (Ella, Josh, Dan, Liam agus Mamó) amach anseo, meas tú?
6. Ar cheap tú go raibh an tsraith greannmhar? Cén chaoi?
7. An gceapann tú gur eascair aon **teachtaireacht thábhachtach** as an tsraith?
8. An **molfá** do dhaoine eile féachaint ar an tsraith seo ó thús go deireadh? Cén fáth?

**F: SCRÍBHNEOIREACHT**

**Scríobh léirmheas** ar an tsraith *Saol Ella* atá le foilsiú ag Foghlaim TG4 ar an suíomh gréasáin chun déagóirí Idirbhliana eile a mhealladh le breathnú uirthi.







snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**FREAGRAÍ AGUS TREOIR**

**A. RÉAMHOBAIR**

Is féidir na ceisteanna seo a phlé le chéile ag tús an ranga le cabhrú leis na daltaí réamheolas ábhartha faoin mír físe a thabhairt chun cuimhne sula mbreathnaíonn siad uirthi.

**B. CLUASTUISCINT**



1. Treas
2. c. Scriosfaí an donnú bréige atá uirthi.
3. An fhoireann dhearg
4. b. frustrachas, c. dubh dóite
5. Cloch bheag a bhfuil cruth croí uirthi
6. Bréagach
7. Teastaíonn uaithi cabhrú le Dan mar gur teaghlach iad.
8. Rónán
9. Tagann
10. a. atmaisféar fuinniúil

**C. FEASACHT TEANGA: An Modh Coinníollach**

**1. Líon na bearnaí:**

Tá fíor-bhrón orm, a Dan. Dá **mbeadh** a fhios agam faoi Chúrsa B ní **bheinn** tar éis glacadh leis an gcuireadh ó mo chara dul léi ar an gcrús. **Dhiúltóinn** don chuireadh, go cinnte. **Déarfainn** le mo chara nach **mbeinn** saor go dtí deireadh an tsamhraidh nuair a **bheadh** na cúrsaí ar fad críochnaithe. Ní **bheadh** aon chabhair uait a thuilleadh faoin am sin, a Dan, agus mar sin **d'fhéadfainn** imeacht ansin. Mura **mbeadh** ticéad saor in aisce ar fáil ní **smaoineoinn** ar dhul ar an gcrús in aon chor.





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**2. Seo roinnt freagraí samplacha:**

| | |
|---|---|
| 1. | **Thabharfainn** cuairt ar go leor áiteanna spéisiúla. |
| 2. | **Ní éireoinn** róluath ar maidin. |
| 3. | **Ligfinn** mo scíth. |
| 4. | **Ní bheadh** orm a bheith ag tabhairt aire do Ghaeilgeoirí! |
| 5. | **Chasfain**n le daoine nua. |
| 6. | **D'íosfainn** béilí deasa agus d'ólfainn manglaim gach lá. |
| 7. | **Dhéanfainn** bolg le gréin ach chaithfinn uachtar gréine ag an am céanna. |
| 8. | **Cheannóinn** bronntanais do gach duine sa bhaile. |
| 9. | **Bhainfinn** sult as gach uile lá den turas agus ní bheinn buartha faoi thada. |
| 10. | **Is dócha go mbraithfinn** uaim an teaghlach tar éis tamaill agus bheinn sásta teacht abhaile ar deireadh. |

**D. LÉAMHTHUISCINT**

| | |
|---|---|
| **1. ELLA** | c. Bhí trí seachtaine an-spraíúil ag Ella leis na Gaeilgeoirí agus thaitin sé léi go raibh Mamó sa teach freisin. |
| **2. DAN (DAID)** | a. Tá Dan buíoch de Mhamó as teacht i gcabhair air in am an ghátair. |
| **3. LIAM** | c. Tá tuirse ar Liam tar éis dó a bheith ag cabhrú le daoine le déanaí. |
| **4. RÓNÁN** | a. Tháinig athrú intinne ar Rónán maidir le Lúsaí le linn an chúrsa. |
| **5. MAMÓ** | b. Bhraithfeadh Mamó ciontach dá n-imeodh sí ar an gcrús. |
| **6. JOSH** | b. Tá aithreachas ar Josh faoina chuid iompair le linn an ráis. |

**E. LABHAIRT**

Tuairimíocht agus plé oscailte atá i gceist anseo. Is féidir an plé a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.

**F: SCRÍBHNEOIREACHT**

Is féidir an tasc seo a dhéanamh mar obair bheirte sa rang nó mar obair bhaile. D'fhéadfaí iarraidh ar na foghlaimeoirí a gcuid léirmheasanna a chur i gcomparáid lena chéile, féachaint an raibh na tuairimí céanna acu.



snas.ie
© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad